
# Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Cad a tharla don Fhaolchú Liath Éireannach?



**Seo an chuma atá ar an ngaol beo is cóngaraí don fhaolchú liath Éireannach sa lá atá inniu ann!**


An raibh a fhios agat go mbíodh glam an fhaolchú léith le cloisteáil in Éirinn. Mhair siad taobh leis an mamat lomrach Éireannach níos mó ná 27,000 bliain ó shin. Mhair siad ar an oileán seo go dtí thart ar 300 bliain ó shin fiú! An t-am sin, theastaigh ó dhaoine an ruaig a chur ar an bhfaolchú óna gcuid tailte agus ar deireadh thiar bhí siad díothaithe in Éirinn de bharr an iomarca sealgaireachta.

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## An mbíodh drantán an fhaolchú léith le cloisteáil i nGaillimh?



Cnámh géill d'fhaolchú liath is ea an iontaise seo atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra.



**Suíomhanna inar aimsíodh fianaise iontaise ar fhaolchú liath na hOighearaoise in Éirinn.**

Feoiliteoir is ea an faolchú liath, rud a chiallaíonn go n-itheann siad ainmhithe eile. Is dócha go mbíodh an fia mór, an fia rua agus an réinfhia fiú á seilg acu in Éirinn fadó.

Tá a fhios againn ó sheancháipéisí a léamh go n-íoctaí airgead le daoine thart ar 300 bliain ó shin chun an faolchú Éireannach a sheilg - £6 ar fhaolchú baineann, £5 ar fhaolchú fireann agus 10 scillinge ar choileán.


An raibh a fhios agat gur aimsigh daoine iontaisí an fhaolchú léith i bpluaiseanna i gCo. Shligigh, Co. an Chláir, Co. Chorcaí agus Co. Phort Láirge? Tá cuid de na hiontaisí atá marcáilte ar an léarscáil 27,000 bliain d'aois ar a laghad!

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Natural History

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## Réitigh Mistéir na hOighearaoise!

### Ceangail na Poncanna




**Eochairfhocail:** Súil Srón Cnámh Grua Cnámh Géill Fiacla

Réitigh an Cód Rúnda:

úhcloaf htail

_ _ _ _ _ _ _    _ _ _ _ _

Cén creachadóir atá i bhfolach sa phictiúr seo? An bhfuil tú réidh chun roinnt obair bhleachtaireachta a dhéanamh. Níl uait ach peann luaidhe agus lámh shocair. Ceangail na poncanna chun an bhlaosc mhistéireach a nochtadh. Úsáid na heochairfhocail chun an bhlaosc a lipéadú, díreach mar a dhéanfadh eolaí. Ar deireadh, déan an t-ainmhí mistéireach a nochtadh tríd an gcód rúnda a réiteach. Nod! Léigh an focal droim ar ais agus scríobh é sa spás.